Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14020/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0136 (COD)**

**VOTE 68**
**INF 220**
**PUBLIC 85**
**CODEC 1337**

**NÓTA**

| | | |
|---|---|---|
| Ábhar: | – | Toradh na vótála |
| | – | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint |
| | – | Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus Ráiteas ar Chúiseanna |
| | – | Formheas an ráitis chomhpháirtigh |
| | – | Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 14 Nollaig 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

9980/20
+ ADD1

an dáta a ghlac Coreper an cinneadh chun an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid
11.12.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

## General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2018/0136 (COD)** (Document: **9980/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council on a general regime of conditionality for the protection of the Union budget |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 25 | | 89,33% |
| No | 2 | | 10,67% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **14/12/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | No |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | No |
| ΕΛΛΑΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,29 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN II**

## Míniú ón Ungáir maidir lena vóta

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020 agus sna ráitis ghaolmhara ón gCoimisiún agus ón gComhairle, tugadh aghaidh ar na hábhair imní pholaitiúla agus ar chuid de na hábhair imní dlí a bhí ag an Ungáir i dtaobh léirmhíniú agus chur i bhfeidhm an dréacht-Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. Mar sin féin, tá sé fós ina imní mhór ó thaobh dlí de maidir le comhréireacht an dréacht-Rialacháin le dlí an Aontais, ionas nach mór don Ungáir vótáil i gcoinne an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialachán. Is mian leis an Ungáir a ceart faoi Airteagal 263 CFAE a fhorchoimeád.

## Ráiteas ón Ungáir

Is le leasanna náisiúnta ríthábhachtacha na hUngáire a bhaineann sé go gcuirfí chun feidhme, go hiomlán agus de mheon macánta, na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus na ráitis ghaolmhar ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, agus ós amhlaidh atá, ní thig leis an Ungáir a toiliú a thabhairt d'aon ghníomh reachtach a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, lena n-áirítear Next Generation EU, mura ndéantar amhlaidh.

## Ráiteas ón gCoimisiún

Tugann an Coimisiún dá aire na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020 maidir leis an dréacht-Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. Dearbhaíonn sé tuiscint na Comhairle Eorpaí go bhfuil an Coimisiún tiomanta, agus an Rialachán á chur i bhfeidhm, do na gnéithe dá dtagraítear i mír 2 de chonclúidí an 10-11 Nollaig 2020 a mhéid a chumhdaítear iad faoi raon feidhme a chuid freagrachtaí, i gcomhréir leis na Conarthaí.

**Dréacht-Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún**

Gan dochar do cheart tionscnaimh an Choimisiúin, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún breathnú ar an méid atá sa Rialachán seo a áireamh i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 (an 'Rialachán Airgeadais') tráth a dhéanfar an chéad athbhreithniú eile air.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Comhaontaíonn an Coimisiún, i gcás inar gá, breathnú ar thograí iomchuí a chur in éineacht leis an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.